



Auswärtiges Amt



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa



Painéal Saoránach Náisiúnta ar Thodhchaí na hEorpa – tuarascáil chríochnaitheach

Feabhra 2022

Clár na nÁbhar

Achoimre feidhmiúcháin	3
Réamhrá.....	4
Forléargas ar an bplé agus ar na tograí le haghaidh gníomhaíochta	7
Painéal 1: ‘Ról an Aontais sa domhan’	7
Painéal 2: ‘Geilleagar níos láidre’	10
Painéal 3: ‘An t-athrú aeráide agus an comhshaoil’	13
Painéal 4: ‘Ceartas Sóisialta’	15
Painéal 5: ‘An smacht reachta agus luachanna’	18
An próiseas rannpháirtíochta.....	20
Na rannpháirtithe a ullmhú agus a roghnú	21
Na pléití a eagrú agus a chur i ngníomh.....	22
An nasc leis an bpróiseas Eorpach	26
Iarscríbhinn.....	28

*Arna tarraingt suas i ndlúthchomhair leis an Oifig Cónaidhme Gnóthaí
Eachtracha ag Huy Tran-Karcher (bainisteoir tionscadail) agus Tristan Fuhrmann
(ceann tionscadail), le cúnamh ó Tobias Remschel agus Susanne Helm
ifok GmbH*

Achoimre feidhmiúcháin

I gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, tionóladh Painéal Saoránach Náisiúnta sa Ghearmáin i mí Eanáir 2022. Is í an Oifig Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha a d'eagraigh an painéal i ndlúthchomhar le ifok. I gcruinnithe comhchéime a tionóladh ar líne an 5 agus an 8 Eanáir, leag thart ar 100 saoránach a roghnaíodh go randamach amach a bhfís do Thodhchaí na hEorpa agus na saincheisteanna a cheapann siad atá tábhachtach, i gcúig phainéal topaicbhunaithe dhifriúla. Tionóladh Comhdháil Chlabhsúir Phainéal Saoránach Náisiúnta na Gearmáine ar Thodhchaí na hEorpa an 15 agus an 16 Eanáir 2022. Le linn na comhdhála sin, tháinig na rannpháirtithe ar dhá mholadh do thograí nithiúla le haghaidh gníomhaíochta i ngach ceann de na réimsí téamacha seo a leanas: 'Ról an Aontais sa domhan', 'Geilleagar níos láidre', 'an Aeráid agus an Comhshaol', 'Ceartas sóisialta' agus Smacht Reachta agus luachanna'. Cuireadh na tograí le haghaidh gníomhaíochta i láthair ag an gcruinniú iomlánach deireanach agus vótáil na rannpháirtithe orthu. Bhain gach ceann de na 10 dtogra amach an córam 70 % is gá lena nglacadh. Ina theannta sin, rinneadh na tograí a 'aistriú' go fíorúil chuig an Aire Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha, Annalena Baerbock. Chuir sí tuairimí isteach ina leith, mar a rinne na hionadaithe ón Rialtas Cónaidhme, an Bundestag agus an *Länder* a bhí i láthair ag cruinniú iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, an t-ionadaí ó na Comhphléití le saoránaigh na Gearmáine agus ionadaithe ardleibhéil eile ón Rialtas Cónaidhme.

Cuirfidh an t-ionadaí ó na Comhphléití le saoránaigh na Gearmáine, Stephanie Hartung, na tograí le haghaidh gníomhaíochta sin i láthair ag cruinniú iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa in Strasbourg i mí Eanáir agus mí an Mhárta 2022. Beidh fáil orthu freisin ar ardán digiteach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Ar an gcaoi sin, cuirfidh siad leis an bpróiseas uile-Eorpach, a gcuirfidh a thorthaí i láthair an 9 Bealtaine 2022. Ina theannta sin, déanfaidh institiúidí an Aontais measúnú ar na moltaí ó na saoránaigh is féidir a chur chun feidhme, agus cé mar is féidir iad a chur chun feidhme.

Réamhrá

I gcomhthéacs próiseas leathan idirphlé poiblí, tá saoránaigh ó Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh ag plé forbairt an Aontais Eorpaigh le hionadaithe ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit agus ón tsochaí shibhialta, faoi chuimsiú na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Ó mhí Bealtaine 2021, tá plé á dhéanamh acu siúd atá ag glacadh páirt sa Chomhdháil faoi dhúshláin, tosaíochtaí agus smaointe do thodhchaí an Aontais ar ardán digiteach, ag imeachtaí díláraithe, ag painéil saoránach náisiúnta agus trasnáisiúnta agus ag cruinnithe iomlánacha. Is é is aidhm don Chomhdháil conclúidí a dhéanamh ina mbeidh moltaí nithiúla chun todhchaí an Aontais Eorpaigh a mhúnlú, moltaí a chuirfear faoi bhráid chinnteoirí institiúidí an Aontais agus a phléifear d'fhonn a gcur chun feidhme féideartha.

Foráiltear sa Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa gur féidir le gach Ballstát tuilleadh ionchuir a sholáthar don Chomhdháil, amhail ‘painéil saoránach náisiúnta nó imeachtaí téamacha’. Arna iarraidh sin don Oifig Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha agus i ndlúthchomhar léi, d’eagraigh ifok an Painéal Saoránach Náisiúnta ar Thodhchaí na hEorpa thar cheann an Rialtais Chónaidhme. I mí Eanáir 2022, bhí malartú tuairimí ag thart ar 100 saoránach a roghnaíodh go randamach faoina bhfís d’fhorbairt an Aontais amach anseo, bhí plé acu faoi mholtaí áirithe agus thug siad tús áite do mholtaí ar leith, rinne siad na dúshláin a shainaithint, réitigh ábhartha a fhorbairt, agus, ar deireadh, tháinig siad ar mholtaí nithiúla le haghaidh gníomhaíochta, mar aon leis an réasúnú a ghabhann leo. Cuireadh iad faoi bhráid an Aire Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha, Annalena Baerbock, ag an gcomhdháil chlabhsúir¹ an 16 Eanáir. Chuir sí tuairimí isteach i leith na dtograí le haghaidh gníomhaíochta, mar a rinne na hionadaithe ón Rialtas Cónaidhme, an Bundestag agus an *Länder* a bhí i láthair ag cruinniú iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, an t-ionadaí ó na Comhphléití le saoránaigh na Gearmáine agus ionadaithe ardleibhéil eile ón Rialtas Cónaidhme.

¹ Tá an taifead a rinneadh den chraoladh beo den chomhdháil chlabhsúir an 16 Eanáir 2022 le fáil anseo: <https://bit.ly/3ABc9SQ>

Ar an leibhéal Eorpach, cumhdaíonn an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa raidhse leathan topaicí. Rinneadh naoi dtopaic na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa a ghrúpáil agus a roinnt sna ceithre phainéal seo a leanas do na Painéil Saoránach Eorpach:

- Painéal 1 – Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta, poist / Oideachas, cultúr, an óige agus spórt / An t-aistriú digiteach
- Painéal 2 – Daonlathas Eorpach / Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil
- Painéal 3 – An t-athrú aeráide, an comhshaol / An tsláinte
- Painéal 4 – An tAontas sa domhan / An imirce

Bhí an struchtúr céanna ag an bPainéal Saoránach Náisiúnta, ach leagadh béim ar leith ar na topaicí seo a leanas:

- ‘Ról an Aontais sa domhan’
- ‘Geilleagar níos láidre’
- ‘An t-athrú aeráide agus an comhshaol’
- ‘An smacht reachta agus luachanna’
- I vótáil ar líne roimh ré, roghnaigh na saoránaigh ‘Ceartas sóisialta’ go hoscailte don chúigiú topaic as measc topaicí eile na bPainéal Saoránach Eorpach.

Nuair a roghnaíodh na topaicí réamhshocraithe, cuireadh san áireamh freisin na hábhair sin ar tugadh an aird is mó orthu ar ardán digiteach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa sa Ghearmáin, agus na topaicí is mó a rinneadh moltaí agus barúlacha ón nGearmáin ina leith. I bhfianaise fairsinge na dtopaicí, ba é an sprioc a bhí ann go bhféadfaí plé níos dírithe a dhéanamh. Ag an am céanna, bhí sé beartaithe go mbeadh na rannpháirtithe in ann a roghanna agus a ndíol spéise a chur in iúl agus an cúigiú topaic á roghnú. Is é is aidhm don chur chuige sin a áirithiú go nglacfar leis na tograí le haghaidh gníomhaíochta a thiocfaidh as na Painéil Saoránach Náisiúnta i gcomhthéacs an phróisis níos leithne.

Ceapadh próiseas an phlé ar bhealach a ligfeadh do na saoránaigh uile a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na topaicí uile agus vótáil eolasach a chaitheamh sa nós imeachta vótála deiridh. Chuige sin, ag pointí áirithe sa phróiseas rinneadh grúpaí beaga na rannpháirtithe a athdháileadh agus tugadh le chéile iad i gcumraíochtaí nua. Thug na tréimhsí machnaimh agus aiseolais sna cúig phainéal topaicbhunaithe agus sa chruinniú iomlánach deis dul i dteagmháil leis na rannpháirtithe uile, agus leis an ionchur ó shaineolaithe ar na topaicí uile bhíodhas in ann comhthuiscint a fháil ar a bhfairsinge, ar éagsúlacht a n-ábhair, agus ar staid reatha an phlé ina dtaobh ar an leibhéal Eorpach. Chuir sé sin ar chumas na saoránach vóta a chaitheamh ar na 10 dtogra le haghaidh gníomhaíochta mar neas-ionadaíocht do shochaí na Gearmáine (féach an roinn maidir le roghnú na rannpháirtithe).

Thíos tá forléargas ar na pléití a rinneadh sna grúpaí beaga agus na 10 dtogra le haghaidh gníomhaíochta a dhréachtaigh na saoránaigh, agus torthaí na vótála leo.

Forléargas ar an bplé agus ar na tograí le haghaidh gníomhaíochta

Painéal 1 – ‘Ról an Aontais sa domhan’



Sa chéad cheann de na cúig phainéal topaicbhunaithe, chuaigh na rannpháirtithe i ngleic leis an gceist faoin ról ba cheart a bheith ag an Aontas sa domhan amach anseo. Sna rannchuidithe uathu, rinne na rannpháirtithe cur síos ar fhís d'Eoraip dhaonlathach cheannasach lena gcothaítear deachaidreamh beartais eachtraigh éagsúla agus lena gcomhcheanglaítear neart eacnamaíoch agus gníomhaíocht éifeachtach ar son na haeráide.

Bhí comhdhearcadh ann i measc na saoránach go bhfuil coinbhleachtaí inmheánacha agus tíortha aonair ag gníomhú go haontaobhach ag cur isteach ar sheasaimh an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, rinneadh plé freisin ar phrionsabal na haontoilíochta a dhíothú i vótaí de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála i bhfabhar na vótála tromlaigh. Rinneadh roinnt idirghabhálacha inar iarradh ar an Aontas ‘labhairt d’aon ghuth’ agus tuilleadh comhair a dhéanamh i bpríomhréimsí beartais, go háirithe maidir leis an mbeartas eachtrach, slándála, fuinnimh, aeráide agus imirce.

Ní rabhthas ar aon intinn sa phlé maidir le foirm shonrach chaidreamh taidhleoireachta an Aontais. D’aontaigh na saoránaigh gur cheart don Aontas iarracht a dhéanamh caidreamh taidhleoireachta cairdiúil a bhaint amach, agus ag an am céanna tuilleadh ceannasachta a lorg i leith stáit eile. Cé gur iarr roinnt rannpháirtithe go príomha go mbeadh níos mó neamhspleáchais ann ón tSín agus ón Rúis – agus sáruithe ar chearta an duine agus easpa smachta reachta á lua acu – agus caidreamh trasatlantach a neartú, theastaigh ó rannpháirtithe eile go mbeadh níos mó neamhspleáchais ann maidir le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus caidreamh láidir eacnamaíoch leis an tSín.

Cé gur bhain na ceisteanna sin faoin mbeartas eachtrach sa chiall is cúinge i dtús báire sna pléití i ngrúpaí beaga, sa deireadh, bhí beartas eacnamaíoch agus trádála na hEorpa lárnach sa dá thogra le haghaidh gníomhaíochta – ar an mbonn go bhfuil tionchar idirnáisiúnta an Aontais fréamhaithe go háirithe ina neart eacnamaíoch – agus béim láidir á leagan ar bheartas aeráide. Leag na grúpaí amach bealaí a d'fhéadfaí leasanna trádála eachtraí an Aontais a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus táirgeadh earraí laistigh den Aontas a spreagadh, agus impleachtaí don aeráid ag gabháil leis freisin.

An chéad togra

Leasanna trádála eachtraí a nascadh le bearta aeráide




'Molaimid don Aontas (go háirithe an Coimisiún Eorpach) pacáiste infheistíochta a sheoladh le haghaidh teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí atá neamhdhíobhálaí don aeráid, le clár cistiúcháin. Déanfar an pacáiste sin a mhaoiniú trí dhleacht aeráide ar allmhairí a chuirfear in áirithe agus a chuirfear ar aghaidh mar chúiteamh airgeadaíochta as an damáiste don aeráid a rinneadh. Sa chomhthéacs sin, tabharfar isteach córas a bheidh bunaithe ar phointí chun inbhuanaitheacht a rátáil i gcás táirgí áirithe. Beidh seasamh soiléir ón Aontas agus Eoraip láidir nuálach ina chuidiú chun spriocanna aeráide domhanda a bhaint amach. Cuideoidh sé sin le ról an Aontais a chomhdhlúthú mar cheannródaí freagrach domhanda agus mar shamhail chun an rathúnas agus athruithe inbhuanaithe domhanda a chur i gcrích. Tá na spriocanna seo tábhachtach dúinne toisc go bhfuil an tAontas ag cur go buan leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, rud a d'fhéadfadh cur go mór leis an tsíocháin dhomhanda a chomhdhlúthú san fhadtéarma.'


An dara togra
Dreasachtaí a chruthú le go mbeadh an táirgeacht bunaithe san Aontas, go háirithe táirgeacht na soláthairtí bunúsacha



‘Chun táirgeacht na soláthairtí bunúsacha a éascú, molaimid dlús a chur leis na nósanna imeachta formheasa agus iad a chaighdeánú, an maorlathas a laghdú agus fóirdheontais a thairiscint do chuideachtaí a athlonnaíonn chuig an Aontas agus/nó láithreáin táirgthe a fhorbairt san Aontas. Ba cheart don Aontas fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn ar mórscála chun costais fuinnimh a laghdú. Tá súil againn, dá bhrí sin, slabhraí soláthair a ghiorrú agus iad a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don aeráid, cabhrú le neartú an Aontais agus poist a chruthú ina gcuirtear cearta an duine san áireamh. Tá na spriocanna sin tábhachtach dúinn toisc go mbeadh an tAontas níos neamhspleáiche go hidirnáisiúnta agus ní bheadh an baol céanna ann ó thaobh na polaitíochta de dá n-athlonnófaí an táirgeadh chuig an Aontas.’



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh

Painéal 2 – ‘Geilleagar níos láidre’



Sa dara painéal, phléigh na saoránaigh conas geilleagar na hEorpa a neartú. Thug siad léargas ar Aontas a bheadh níos cothroime ó thaobh na sochaí de ina mbeadh dlíthe comhchuibhithe cánach, sláinte agus sábháilteachta, agus níos mó tíortha ag glacadh leis an euro mar airgeadra, bonneagar digiteach láidir agus earraí atá neamhdhíobhálach don aeráid agus nuálaíochtaí teicneolaíocha á dtairgeadh. Pléadh freisin na himpleachtaí a ghabhfadh le digiteáil mhéadaithe an mhargaidh saothair. Leag na saoránaigh béim freisin ar an ngá atá le cosaint sonraí agus cibearshlándáil san Aontas.


Bhí comhdhearcadh sna grúpaí beaga i leith an ghá atá le caighdeáin agus dlíthe a chomhchuibhiú laistigh den Aontas maidir le hobair, foghlaim agus coinníollacha táirgthe agus córais chánachais. Mar shampla, bhí cuid mhór saoránach ag iarraidh pá íosta níos airde ar fud na hEorpa, mar aon le caighdeáin choiteanna cosanta aeráide agus rátaí cánach do ghnólachtaí.

Anuas air sin, d'iarr na rannpháirtithe go ndírítear níos mó ar an inbhuanaitheacht agus ar chritéir cosanta aeráide i ndáil leis an infheistíocht eacnamaíoch agus fóirdheontais san Aontas. Ba cheart go dtiocfadh forbairt nach bhfuil chomh díobhálach don aeráid agus nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí atá tíosach ar acmhainní mar thoradh ar sin. Leag na saoránaigh béim ar an mian atá acu tuilleadh deiseanna oideachais agus oiliúna agus cúrsaí ollscoile trasteorann a bhaint amach, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí dea-chleachtais a mhalartú freisin. Bhí sé an-tábhachtach do na rannpháirtithe go gcuideodh na deiseanna sin le dáimh níos láidre a chothú i measc mhuintir an Aontais.

Mar a chonacthas sa phainéal ar ról an Aontais sa domhan, cuireadh in iúl go mion minic gur mian leo níos mó neamhspleáchais i leith tíortha eile, go háirithe maidir le hearraí allmhairithe. Chuige sin, mheas na rannpháirtithe gur ríthábhachtach é an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú san Eoraip i gcás gach saghas earra. Ina theannta sin, pléadh an cheist conas tuilleadh dreasachtaí a chruthú chun an nuálaíocht a chur chun cinn san Aontas.

Buncheist eile ab ea an digiteáil sa phlé a rinneadh sna grúpaí beaga. Iarradh go háirithe go ndéanfaí líonraí snáthoptaice a rolladh amach go gasta agus go mbeadh rochtain chothrom ar an idirlíon tapa i ngach Ballstát. Bhí an digiteáil ina théarma lárnach ag grúpa beag amháin i gcaitheamh na comhdhála clabhsúir. Mhol na rannpháirtithe go ndéanfaí céim dhigitithe na gcuideachtaí san Aontas a rangú. Rud eile a luaitear leis an digiteáil, ach a dhíríonn ar an malartú eolais agus taithí, mhol an grúpa beag eile go mbunófaí ardán digiteach faisnéise uile-Aontais i réimse an oideachais agus na hoiliúna.

An chéad togra
DigiScór – pointí do gheilleagar láidir digiteach ar fud an Aontais



‘Molaimid don Aontas, agus sa chás seo, d’Ard-Stiúrthóireacht Connect, córas pointí a bhfuil rochtain phoiblí air, DigiScór, a thabhairt isteach. Is córas rangaithe mionsonraithe é seo ina léirítear agus ina gcuirtear i gcomparáid leibhéal reatha dhigiteáil

ghnólachtaí an Aontais.

Trí fhoilsiú na faisnéise sin, tá sé mar aidhm againn dreasacht a chruthú chun an digiteáil a mhéadú. Chuirfí tacaíocht spriocdhírthe ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil DigiScór íseal acu, chun cabhrú leo breith suas.

Is mór againn an sprioc sin; chuideodh sé an bealach a réiteach chun an táirgiúlacht, an éifeachtúlacht agus an díolacháin a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, an Eoraip a neartú mar bhonn monaraíochta.’


An dara togra

Ardán faisnéise ar mhaithe le malartú eolais agus taithí ar fud an Aontais




'Molaimid don Aontas ardán (faisnéise) a chur ar bun a bheidh mar ghléas malartaithe eolais agus taithí (uile-Aontais). Chuideodh sé sin an fhaisnéis faoi chúrsaí oideachais agus oiliúna trasnáisiúnta san Aontas a chomhthiomsú, samplaí den dea-chleachtas a léiriú agus deis a thabhairt do shaoránaigh smaointe nua a chur i láthair maidir le malartú trasteorann. Ina theannta sin, sholáthrófaí faisnéis faoi fóraim saineolaithe atá ann cheana sna príomhréimsí (e.g. fuinneamh, an comhshaol, an digiteáil).

Tá na spriocanna sin tábhachtach dúinne toisc go bhfuil trédhearcacht de dhíth ar na saoránaigh maidir leis na cúrsaí oiliúna agus oideachais trasteorann atá ar fáil dóibh. Ba cheart go bhfaighidís treoir níos fearr ar leibhéal an Aontais faoi pé fóraim agus ardáin dá bhfuil ann i réimsí sonracha.'



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh

Painéal 3: 'An t-athrú aeráide agus an comhshaol'



Ba léir an dóigh a bhfuil nasc doshéanta idir ábhar trasearnálach an bheartais aeráide agus raon leathan réimsí beartais, ní hamháin ó thagairtí na bpainéal eile do shaincheisteanna a bhaineann leis an aeráid, ach ina theannta sin, ó éagsúlacht na n-ábhar a phléigh an tríú painéal, 'an t-athrú aeráide agus an comhshaol'. Ar an gcéad dul síos, leag na rannpháirtithe amach an fhís atá acu, fís den Eoraip agus í á soláthar féin go hiomlán le fuinneamh in-athnuaite, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir an tsoghluaisteacht aeráidneodrach a bhaint amach, acmhainní a shábháil agus iad a athúsáid a mhéid ab fhéidir i ngeilleagar ciorclach, agus an bhithéagsúlacht agus na héiceachórais a chosaint. Ach, cé gur shainmhínigh an dá ghrúpa bheaga na cuspóirí sin sa tslí chéanna, rinne na saoránaigh cur síos mionsonraithe ar bhealaí éagsúla chun iad a bhaint amach.

Maidir le soláthar fuinnimh, d'iarr na rannpháirtithe uilig go ndéanfaí foinsí fuinnimh in-athnuaite a leathnú go pras agus go gcuirfí deireadh le breoslaí iontaise de réir a chéile. Bhí easaontú ann, áfach, maidir le cén uair a d'fhéadfaí deireadh a chur le breoslaí iontaise i ndáiríre, maidir leis an gceist, ar cheart go leanfadh an chumhacht núicléach de ról a bheith aici sa soláthar fuinnimh agus maidir le cén teicneolaíochtaí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh aistriú mear fuinnimh. Anuas air sin, bhí easaontú ann maidir lena huailmhianaí ba cheart spriocanna laghdaithe CO₂ a bheith agus leis an ról ba cheart a bheith ag trádáil astaíochtaí CO₂ sna hiarrachtaí a dhéanfar na spriocanna siúd a bhaint amach. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl freisin go raibh imní orthu faoi thionchar sóisialta na gníomhaíochta ar son na haeráide agus an aistrithe fuinnimh.

San earnáil iompair, theastaigh ó shaoránaigh go mbeadh iompar poiblí áitiúil agus fad-achair níos fearr ann agus go n-aistreofaí chuig an leictrea-shoghluaisteacht san iompar príobháideach. Mheas na rannpháirtithe gur ríthábhachtach í forbairt na dteicneolaíochtaí stórála fuinnimh nua-aimseartha le haghaidh na n-aistrithe fuinnimh agus iompair.

Sa dá ghrúpa bheaga, cuireadh in iúl roinnt uaireanta an mhian go mbeadh geilleagar ciorclach ann a chaomhnódh acmhainní. Iarradh freisin deireadh a chur leis an bhfeirmeoireacht mhonarchan agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bhfeirmeoireacht orgánach.

Ar deireadh, phléigh an dá ghrúpa bheaga freisin cén dóigh a gcuirfí le feacht an duine aonair maidir leis an bpráinn a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide agus iompar inbhuanaithe tomhaltóirí. Le ceann de na tograí a d'fhorbair na saoránaigh faoi chuimsiú na comhdhála clabhsúir, tugtar réiteach a d'fhéadfaí a bheith ann i bhfoirm feachtais phoiblí. Leis an togra eile, tugtar aghaidh ar fhadhb na dífheidhmeachta pleanáilte táirgí.

An chéad togra Rialachán maidir le saolré ráthaithe táirge



'Molaimid don Aontas reachtaíocht a thabhairt isteach chun saolré táirgeshonrach, shínithe, ráthaithe a chinntiú do tháirgí a tháirgtear agus a dhíoltar san Aontas agus an reachtaíocht sin a bheith trédhearcach do thomhaltóirí.

Tá teorainn le hacmhainní; d'fhéadfaidh an beart sin iad a shábháil agus dramháil a sheachaint, rud a rachadh chun tairbhe don chomhshaol, don aeráid agus do thomhaltóirí.


Ar an gcaoi sin, is mian linn monaróirí a spreagadh chun táirgí níos buanfasaí, ar féidir iad a dheisiú, a chur ar an margadh.'

An dara togra Feachtas fadtéarmach an Aontais le haghaidh tomhaltas agus stíl mhaireachtála inbhuanaithe




'Molaimid go mbeadh comhlacht Eorpach ann, a mbeadh craobhacha aige i dtíortha an Aontais, agus go dtabharfaí a chuid acmhainní féin dó agus go mbeadh sé i gceannas ar an bhfeachtas.

Is é atá mar aidhm againn a chinntiú go mbeadh féiniúlacht choiteann ag gach pobal san Aontas, go dtuigfidís an tomhaltas agus an stíl mhaireachtála inbhuanaithe agus go nglacfaidís leis an dóigh bheatha sin. Is mór againn na spriocanna sin mar go dteastaíonn uainn spreagadh intreach a chothú le bheith ag maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe.'



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh

Painéal 4: 'Ceartas Sóisialta'



Sa phainéal sin, chuir na saoránaigh a ndearcadh in iúl go raibh méadú ag teacht ar an neamhionannas socheacnamaíoch san Eoraip. Sainithníodh sa phlé an gá le gníomhú ní hamháin i réimse an phá, na sochar sóisialta nó na bochtaineachta seanaoise, ach freisin i ndáil leis an gcóras sláinte, an easpa tithíochta inacmhainne, an beartas oideachais, an comhionannas inscne agus an tsaincheist maidir le dálaí maireachtála comhionanna san Eoraip.

D'aithin an dá ghrúpa bheaga pá cothrom mar an tsaincheist lárnach i réimse an cheartais shóisialta. D'iarr saoránaigh pá níos fearr a bheith ann le haghaidh obair atá dian ar an gcorp agus le haghaidh gairmeacha beatha criticiúla, chomh maith le pá íosta uile-Aontais i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchoiteanna – mar atá iarrtha cheana féin sa phainéal 'Geilleagar Níos Láidre'. Tugadh an comhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc na hóige agus na bochtaineachta sa tseanaois chun suntais freisin.

Rinne na rannpháirtithe dianphlé ar an mbeartas oideachais, inar luaigh an dá ghrúpa bheaga nár cheart go mbraithfeadh deiseanna oideachais ar chúlra sóisialta agus eacnamaíoch an teaghlaigh agus gur cheart deireadh a chur le bacainní rochtana amhail an cheist maidir lenár cheart an cistiú don staidéar a bhaint. Aithníodh cláir mhalartaithe do dhaltaí agus mic léinn mar chuid thábhachtach den bheartas oideachais uile-Eorpach.

Ba phointe tábhachtach plé é cur chun feidhme chóras sláinte cóir freisin. Ag féachaint don Ghearmáin, d'iarr roinnt saoránach go gcuirfí deireadh le cistí árachais sláinte príobháidigh, as a n-eascaíonn, dar leo, cóireáil den chéad grád agus cóireáil den dara grád.

Bhí na rannpháirtithe ag iarraidh feabhsuithe a fheiceáil ó thaobh chomhionannas inscne de freisin. Go háirithe, luaigh siad na costais arda do spásanna i naíonraí, an easpa cothromaíochta idir an obair agus saol an teaghlaigh agus an bhearna sa phá idir fir agus mná. D'iarr na saoránaigh níos mó aitheantais do ghairmeacha sóisialta agus d'obair cúraim leanaí nó cúram do dhaoine scothaosta.

Ar deireadh, d'iarr na saoránaigh go gcuirfí feabhas ar an gcuimsiú, go dtabharfaí níos mó aitheantais d'obair dheonach agus go gcuirfí bearta i bhfeidhm chun easpa dídine agus eisiámh tithíochta a chosc.

Mar thoradh ar an bplé, mhol na rannpháirtithe, ar thaobh amháin, bunphá postsonrach a thabhairt isteach agus, ar an taobh eile, clár malartaithe, a mbeadh gach dalta san Aontas in ann a rochtain go héasca, a chur chun feidhme.

An chéad togra
Breis forbartha ar mhalartuithe do dhaltáí san Eoraip



'Molaimid go nglacadh an tAontas Eorpach – i dteannta an chláir ERASMUS atá ann cheana - Rialachán maidir le clár malartaithe do dhaltáí idir 14 agus 25 bliana d'aois - gan beann ar a gcúlra, inscne ná leibhéal oideachais. Ní mór an malartú a bhunú go córasach sna scoileanna áitiúla agus ba cheart do na scoileanna sin eolas a thabhairt faoi. Ní mór deis a bheith ag gach dalta páirt a ghlacadh sa mhalartú tráth ar bith le linn a ngairme scoile. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún Eorpach togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Is mian linn a chinntiú, gan beann ar fheidhmíocht oideachais agus ar chistiú ó thuismitheoirí, go mbeidh deis ag daltaí smaointe a mhalartú ar fud na hEorpa. Féachtar le cultúr malartaithe a bhunú san Eoraip ó aois na scoile ar aghaidh. Thar aon ní eile, tá sé tábhachtach againn go mbeidh rochtain éasca ar an gclár agus nach mbeadh aon mhaorlathas ag baint leis. Is mian linn dlúthpháirtíocht idir-Eorpach a bhunú tríd an gclár malartuithe agus bacainní teanga a laghdú. Ba cheart don chlár tacú le hoideachas cothrom agus rannpháirtíochta chun feabhas a chur ar scileanna idirchultúrtha agus cumarsáide.

Tá an-aird againn ar na cuspóirí sin ó tharla go gcuirtear comhtháthú na hEorpa chun cinn leo, go neartaítear urraim agus comhar agus go ndéantar luachanna Eorpacha a theagasc do leanaí, ionas go dtuigfear gur deis í éagsúlacht na hEorpa atá le tapú.'


An dara togra Bunphá postsonrach a thabhairt isteach




'Molaimid go gcuirfeadh an Coimisinéir Eorpach um Poist agus Cearta Sóisialta togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le bunphá postsonrach a thabhairt isteach sna Ballstáit uile. Ba cheart íosphá maireachtála agus forlíonadh postsonrach a bheith mar chuid den

bhunphá.

Is é atá mar aidhm againn an obair a dhéantar agus an pá a íoctar a bheith inchomparáide san Aontas chun an ceartas sóisialta a neartú. Tá an-aird againn ar an sprioc sin, chun a chinntiú go léireofar bunphrionsabal an Aontais i margadh an tsaothair: coinníollacha maireachtála agus oibre inchomparáide, gan beann ar áit chónaithe ná gairm.'



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh

Painéal 5: ‘An smacht reachta agus luachanna’



Phléigh an cúigiú painéal, arb é an painéal deiridh é, bunluachanna an Aontais Eorpaigh, agus an daonlathas agus an smacht reachta. Cuirtear síos i bhfís na saoránach ar Aontas ina ndéantar cearta bunúsacha agus cearta an duine a urramú agus a chosaint, ina ndéantar an t-idirdhealú a chomhrac, ina n-urramaítear an éagsúlacht, ina gcruthaítear comhdheiseanna, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha ar nós leanaí agus daoine ar ísealioncam, agus ina ngearrtar pionóis as sárúithe ar phrionsabail an smachta reachta.

Ba phointe lárnach plé sa dá ghrúpa bheaga é an cás maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta sa Pholainn agus san Ungáir. Chomhaontaigh na saoránaigh nach mór do na Ballstáit uile prionsabail dhaonlathacha agus cearta agus saoirsí bunúsacha sibhialta a urramú. Ba cheart smachtbhannaí a fhorchur go gasta éifeachtach as sárúithe ar phrionsabail an smachta reachta agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu sin lasmuigh de theorainneacha na hEorpa freisin. Sa chomhthéacs sin, iarradh go gcuirfí deireadh le rial na haontoilíochta i gComhairle an Aontais Eorpaigh agus iarradh níos mó trédhearcachta i ndáil leis na próisis pholaitiúla in institiúidí an Aontais i gcoitinne.

Ag an am céanna, áfach, thug na rannpháirtithe dá n-aire go bhféadfadh na coinbhleachtaí idir Ballstáit an Aontais a bheith mar thoradh ar thraidisiúin agus ar chultúir dhifriúla. Dá bhrí sin, d'iarr siad níos mó comhthuisceana, urraim don éagsúlacht atá ann agus dlúthpháirtíocht idir stáit. Go háirithe, ba cheart grúpaí agus cultúir dhifriúla a thabhairt níos gaire dá chéile agus a bheith rannpháirteach i malartuithe chun lánpháirtíocht agus meascadh a chur chun cinn.

Theastaigh ó shaoránaigh an t-idirdhealú atá ann a laghdú agus comhdheiseanna a chruthú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, ar nós grúpaí ó chúlraí ísealioncaim. Chuige sin, sainaithníodh gur gné ríthábhachtach é oideachas maith, go háirithe chun go mbeadh grinneolas agus feasacht láidir ag gach duine san Aontas ar an daonlathas agus ar an smacht reachta ó aois óg.

Ar deireadh, rinneadh dianphlé sa dá ghrúpa bheaga ar na luachanna agus ar na creidimh atá agus ar cheart a bheith ag croílár an Aontais Eorpaigh. Mar shampla, thug roinnt rannpháirtithe dá n-aire go bhfuil líon mór Ballstát nua glactha isteach ag an Aontas ó na 1990idí i leith, ach nár ceistíodh, nár pléadh nó nár measadh a mbunluachanna. Dá bhrí sin, d'iarr siad díospóireacht phoiblí maidir le bunluachanna i mBallstáit uile an Aontais agus, i gcás inar féidir, le rannpháirtíocht cuid mhór saoránach.

Le linn na comhdhála deiridh, d'fhorbair na rannpháirtithe tograí le haghaidh gníomhaíochta chun croíluachanna agus croíphrionsabail an daonlathais agus an smachta reachta san Aontas a chur in iúl agus a chur chun cinn. Phléigh siad cibé acu ar féidir nó nár féidir nasc mothúcháinach a chruthú leis an Aontas, go háirithe i measc na ndaoine óga, mar shampla i bhfoirm comórtas amhráin uile-Eorpach a bhaineann le luachanna an Aontais nó trí chumarsáid a dhéanamh ar bhealach a bheidh saincheaptha don spriocphobal. Mar shampla, áirítear 'pacáiste ionduchtúcháin' do gach duine san Aontas os cionn 18 mbliana d'aois ar na tograí nithiúla (agus faisnéis ann faoi luachanna an Aontais, ach táirgí ann freisin chun an tuiscint ar an Eoraip a chur chun cinn, e.g. geansaithe de chuid an Aontais). Bhí cumarsáid mar chuid lárnach den togra maidir le cainéal teilifíse Eorpach a bhunú.

An chéad togra

Luachanna Eorpacha a léiriú agus iad a chur in iúl go mothúcháinach



'Molaimid go mbeadh luachanna Eorpacha níos inbhraite agus go gcuirfí in iúl ar bhealach níos mothúchánaí iad. Féadfar é sin a bhaint amach, mar shampla, trí phacáiste ionduchtúcháin, na meáin, gnéithe idirghníomhacha agus níos mó rannpháirtíochta ó na saoránaigh.


Is é atá mar sprioc againn go mbeadh comhluachanna an Aontais ar eolas ag gach uile dhuine atá ina chónaí/cónaí san Aontas agus go mbeadh tuiscint acu ar na luachanna sin.

Tá an sprioc sin tábhachtach dúinn mar gur bunús í chun gur féidir linn cómhaireachtáil inár n-aontas luachanna. Níl go leor eolais ann maidir lenár luachanna ar chor ar bith mar go bhfuil an ceangal pearsanta in easnamh – ní mór dúinn an ceangal sin a dhéanamh.'


An dara togra ‘An saol san Aontas’



‘Molaimid go mbunódh an tAontas a chainéal teilifíse oideachais agus faisnéise féin. Is é an aidhm atá againn leis an togra seo go mbeadh saoránaigh uile an Aontais níos eolaí faoinár gcomhluachanna agus rochtain éasca saor ó bhacainní a chinntiú do chách. Tá an-aird againn ar na cuspóirí sin mar gur mian linn tuiscint a fháil ar thuairim an phobail i dtíortha uile an Aontais, comhdhearcadh a fhorbairt, caidrimh níos dlúithe a chothú chun go mbeidh níos mó dlúthpháirtíochta ann, agus oiliúint a chur ar dhaoine ó thaobh an smachta reachta de chun an daonlathas a chosaint.’



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh



Vótáil sa seisiún iomlánach deiridh

An próiseas rannpháirtíochta

Is féidir próiseas foriomlán an Fhóraitm Saoránach Náisiúnta maidir le Toghcháin na hEorpa a roinnt i dtrí chéim:

- ullmhú an phróisis agus roghnú randamach na rannpháirtithe;
- na pléití a eagrú agus a chur i ngníomh;
- cur le próiseas níos leithne na Comhdhála ar Thoghcháin na hEorpa, go háirithe sna cruinnithe iomlánacha.

Féach an [larscríbhinn](#) chun forléargas grafach a fháil ar an bpróiseas foriomlán.

Na rannpháirtithe a ullmhú agus a roghnú

Baineadh úsáid as modh an roghnúcháin randamaigh srathaithe chun saoránaigh a earcú do na Painéil Saoránach Eorpach. Sin an modh a úsáideadh le haghaidh an phróisis roghnúcháin do Phainéal Saoránach Náisiúnta na Gearmáine ar Thodhchaí na hEorpa freisin.

Seo a leanas an moladh oifigiúil ó Chomhrúnaíocht na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa i ndáil leis na Painéil Saoránach Náisiúnta: 'Ba cheart gur micreacasma den phobal i gcoitinne a bheadh sna rannpháirtithe. Baintear sin amach trí shampláil randamach ina ndéantar ionadaíocht ar thionscnaimh gheografacha dhifriúla, inscne, aois, cúlraí socheacnamaíocha agus/nó leibhéal oideachais sa tír/réigiún lena mbaineann'. Cuireadh an caighdeán sin i bhfeidhm agus d'éirigh leis den chuid is mó i ndáil leis an bPainéal Saoránach Náisiúnta sa Ghearmáin. Leis an roghnú randamach, cloíodh leis an bprionsabal, go bhféadfaí, go teoiriciúil, aon saoránach Gearmánach os cionn 18 mbliana d'aois a roghnú. Bhí mar aidhm leis sin léargas chomh cruinn is féidir a thabhairt ar an éagsúlacht i saoil laethúla daoine agus ar struchtúr shoचाí na Gearmáine. Bunaíodh na critéir réamhshainithe ar shonraí daonáirimh Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine.

Ar dtús, cuireadh beagnach 12 000 litir amach, seolta go randamach go líonta tí ar fud na Gearmáine. Roghnaíodh 107 saoránach as measc beagnach 600 páirtí leasmhar a chláraigh ar líne, tar éis iad a aithint ar bhonn na gcritéar déimeagrafach, geografach agus socheacnamaíoch. Sa deireadh, ghlac tuairim is 100 saoránach páirt sa Phainéal Saoránach Náisiúnta, agus tugadh léargas, a bheag nó a mhór ar an 'mion-Ghearmáin'. Bhíothas in ann daoine a bhí ar an liosta feithimh a chur in ionad cúpla rannpháirtí a d'éirigh as ar gearrfhógra.



Na critéir shamplála chun rannpháirtithe a roghnú don idirphlé maidir le todhchaí na hEorpa

Méid an Saoránach:	Phainéal An líon daoine a chláraigh:	An líon daoine a ndearnadh teagmháil leo:
100 saoránach + 10 % ar an liosta feithimh (☐ roghnaíodh 107 nduine)	596 dhuine cláraithe braitheann an ionadaíocht ar an líon daoine a chláraigh)	Beagnach 12 000 litir (ráta freagartha tuairim is 5 %)

Is cuid de chuibhreannas idirnáisiúnta é ifok GmbH agus is é a d'fhorbair an mhodheolaíocht le haghaidh na ceithre Phainéal Saoránach Eorpach den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus a dhréachtaigh na treoirleabhair le haghaidh na gcomhdhálacha náisiúnta. Faoi láthair, tá ifok freagrach as na painéil a chur i ngníomh freisin.


Na pléití a eagrú agus a chur i ngníomh

Murab ionann agus suirbhé, ní bhailítear tuairimí saoránach aonair i bpróiseas dioscúrsach. Díríonn na rannpháirtithe ar an dtopaic a bhíonn i gceist, faigheann siad rochtain ar na fíricí agus déanann siad dianphlé chun seasaimh nua a fhorbairt a mbeidh glacadh ag an tromlach leo. I gcás Phainéal Saoránach Náisiúnta na Gearmáine den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, bhíodhas in ann comhsheasaimh a úsáid mar bhonn chun moltaí a cheapadh le haghaidh gníomhaíochta, éileamh agus iarrataí do chinnteoirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon. Cinntíodh é sin trí struchtúr agus eagrú an phainéil:

Eagraíodh an Painéal Saoránach Náisiúnta ar Thodhchaí na hEorpa in dhá chéim. Ar dtús, bhí ceardlann lainseála a mhair 3 huaire an chloig ar siúl an 5 nó an 8 Eanáir 2022 le haghaidh gach ceann de na cúig phainéal topaicbhunaithe, ina bhfuair na rannpháirtithe ionchur ó shaineolaithe agus inar tugadh deis dóibh ceisteanna a chur; chuaigh siad i ngrúpaí beaga chun físeanna topaicshonracha a phlé agus chun topaicí a chur in ord tosaíochta freisin.


Ar bhonn thorthaí na gceardlann sin, tháinig na saoránaigh le chéile, ag comhdháil chlabhsúir a mhair dhá lá ón 15 go dtí an 16 Eanáir 2022. I dtosach báire, cuireadh na saoránaigh ag obair i ngrúpaí beaga agus ina dhiaidh sin, bhíodar ag obair i bpáirt le saineolaithe. Ar an gcéad dul síos, sainaitníodh sna grúpaí seo na dúshláin, ansin féachadh le réitigh a fhorbairt, a chomparáid agus a chur in ord tosaíochta ar mhaithe le tograí sonracha do ghníomhaíocht a mholadh do gach réimse téamach. Chuir na saoránaigh na tograí seo i láthair ina gceann agus ina gceann. Chaith na rannpháirtithe ar fad vóta ansin. Cuireadh na 10 dtogra le haghaidh gníomhaíochta faoi bhráid an Aire Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha, Annalena Baerbock. Chuir sí tuairimí isteach i leith na dtograí le haghaidh gníomhaíochta, mar a rinne na hionadaithe ón Rialtas Cónaidhme, an Bundestag agus an *Länder* a bhí i láthair ag seisiún iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, an t-ionadaí ó na Comhphléití le saoránaigh na Gearmáine agus ionadaithe ardleibhéil eile ón Rialtas Cónaidhme.

Le linn an idirphlé, phléigh na saoránaigh saincheisteanna tráthúla éagsúla i bhfoirmíochtaí éagsúla. Ag an seisiún iomlánach, phléigh na rannpháirtithe aighneachtaí ginearálta, rinne siad bhí plé deiridh agus caitheadh vóta ann. Laistigh de na cúig phainéal thopaicbhunaithe, phléigh 20 saoránach réimse beartais amháin go mion. Ar an leibhéal sin, pléadh aighneachtaí agus malartuithe topaicshonracha. Rinneadh dhá ghrúpa deichniúr as gach aon cheann de na painéil thopaicbhunaithe sin agus is sna grúpaí beaga seo a rinneadh an chuid is mó den phlé. Is anseo a tarraingíodh suas spriocanna agus moltaí sonracha le haghaidh gníomhaíochta maidir le gnéithe aonair de gach topaic agus iad le plé agus le comhaontú ar leibhéal níos airde tráth is faide anonn. Leis an gcur chuige comhroinnte tascanna sin, bhíodhas in ann plé níos doimhne a dhéanamh agus níos mó solúbthachta a thabhairt do na rannpháirtithe uile. Ag an am céanna, chinntigh sé go bhféadfadh an grúpa a bhí rannpháirteach na torthaí a dhlisteanú go daonlathach.



Struchtúr agus leibhéal an idirphlé (idir lúibíní: líon na rannpháirtithe)

An chomhdháil chlabhsúir: achoimre ar an bpróiseas plé, Dé Sathairn, an 15 Eanáir 2022:



An chomhdháil chlabhsúir: achoimre ar an bpróiseas plé, Dé Domhnaigh, an 16 Eanáir 2022:



Tugadh an-chuid tacaíochta do na saoránaigh sular luigh siad isteach ar a gcúram; cuireadh cúig bhileog eolais ar fáil dóibh ina raibh cur síos beacht fíriciúil ar cheann de na topaicí. Ag na ceardlanna tosaigh an 5 agus an 8 Eanáir agus ag an gcomhdháil chlabhsúir an 15 Eanáir, chuir grúpa saineolaithe eolaíochta agus taighde eolas ar fáil faoi gach topaic. Bhí an grúpa ar fáil arís do cheisteanna leantacha. Anuas air sin, ag céim an dioscúrsa, bhí ‘lucht seiceála fíricí’ as na haireachtaí cónaidhme ábhartha ag obair i bpáirt leis na grúpaí beaga agus bhí deis ann dul i gcomhairle leo faoi shaincheisteanna substainteacha. D’fhág sin go raibh tacaíocht speisialaithe ar fáil do na saoránaigh, i bhfianaise chastacht na dtopaicí, agus an deis ann do phlé eolasach fíricbhunaithe.

Mar bhonn don phróiseas modhnóireachta agus do láimhseáil urramach an phlé fhíoriúil, cuireadh ar fáil do na rannpháirtithe na [treoirínite ón Aireacht Cónaidhme Comhshaoil](#) maidir leis an dea-rannpháirtíocht shibhialta mar aon leis an mbéasaíocht idirlín.

I gcás na n-imeachtaí fíorúla, ní mór na bacainní ar rochtain a laghdú do na rannpháirtithe go léir. Ar an ábhar sin, cinntíodh go raibh an trealamh teicniúil iomchuí ag na rannpháirtithe (ríomhaire glúine, cluasáin, ceamara gréasáin, etc.). Ag na cruinnithe ullmhúcháin, cuireadh oiliúint ar na saoránaigh maidir le cé mar is ceart na huirlisí ar líne a úsáid. Rinneadh a laghad uirlisí is féidir a chur faoi bhráid na rannpháirtithe. Chinntigh an méid sin go bhféadfadh na rannpháirtithe díriú go hiomlán ar ábhar agus ar phlé na gcruinnithe ina dhiaidh sin. Ba é *Zoom* – le comhéadan simplí iomasach do na húsáideoirí agus feidhmiúlachtaí cuí don phlé grúpa – an t-ardán físe a úsáideadh. Chun tacú leis an díospóireacht, baineadh úsáid as an uirlis theicniúil *Mural* (clár bán fíorúil) don phlé sna grúpaí beaga. Deis a bhí anseo do mhodhnóirí na ngrúpaí an plé a struchtúrú, na topaicí a thiomsú agus ord tosaíochta a thabhairt dóibh mar aon leis na torthaí a thaifeadh.

Anuas air sin, cinntíodh go raibh meitheal ar fáil i gcaitheamh an ama – ar an nguthán agus sa bhosca comhrá – mar phointí teagmhála ionas go mbeifí in ann a theacht i gcabhair orthu siúd a raibh fadhbanna agus ceisteanna teicniúla acu. Níor fágadh aon lúb ar lár; leagadh síos rialacha soiléire don phlé sa spás fíorúil, bhí modhnúchán maith mar aon le maoirseacht ar chomhráite na rannpháirtithe agus ar na gnéithe teicniúla ar bun i gcaitheamh an ama; chinntigh an méid sin ar fad gur éirigh go geal leis na himeachtaí.


An nasc leis an bpróiseas Eorpach

Deich gcinn de thograí le haghaidh gníomhaíochta a d'eascair as cruinnithe na bPainéal Saoránach Náisiúnta. Dírithe ar lucht ceaptha beartas ar leibhéal éagsúil atá moltaí, éilimh agus mianta na rannpháirtithe maidir le todhchaí an Aontais Eorpaigh. Cuirfear san áireamh na moltaí a rinneadh, mar chuid de phróiseas Comhdhála níos leithne, trí chosáin éagsúla agus cuirfear in iúl do chinnteoirí polaitiúla.

- **An t-ardán digiteach:** is é [an t-ardán digiteach ilteangach](#) príomh-mhol na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Deis atá ann do shaoránaigh a gcuid smaointe a roinnt le daoine eile thar teorainn amach, a bheith ar an eolas faoi imeachtaí uile na Comhdhála agus a bheith cothrom le dáta maidir le dul chun cinn na Comhdhála. Tiomsófar ar an ardán, ar bhonn téama, aighneachtaí uile na Comhdhála i.e. daoine, imeachtaí náisiúnta, Painéil Saoránach Eorpach agus Painéil Saoránach Náisiúnta. Déantar ábhar an ardáin a anailísiú agus a fhoilsiú go rialta i dtuarascálacha a fheidhmíonn freisin mar ábhar ullmhúcháin do Phainéil na Saoránach agus do na seisiúin iomlánacha.
- Cuirfear moltaí Phainéal Saoránach Náisiúnta na Gearmáine san áireamh freisin ar an ardán digiteach; tig le saoránaigh na mBallstát uile iad a léamh agus a phlé. Ar an gcaoi sin, beidh siad ina gcuid lárnach de phlé agus de thuarascálacha an ardáin.
- **Seisiún iomlánach:** tugtar le chéile i seisiún iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ionadaithe ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit, ó na parlaimintí náisiúnta, mar aon le saoránaigh agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta. Pléitear na moltaí a rinne na Painéil Saoránach Náisiúnta agus na Painéil Saoránach Eorpach ar bhonn téamach agus gan aon toradh réamhchinntithe a bheith ann. Naoi ngrúpa oibre a ullmhaíonn an seisiún iomlánach – grúpa amháin in aghaidh thopaic na Comhdhála.
- Ba í Stephanie Hartung, ionadaí na Gearmáine don chomhphlé leis na saoránaigh, a chuir moltaí na tíre sin i láthair maidir le ‘Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil’ agus maidir le ‘Athrú aeráide agus an comhshaol’ ag an tríú seisiún iomlánach in Strasbourg an 21 agus an 22 Eanáir 2022 ag cur i láthair thorthaí na bPainéal Náisiúnta Saoránach éagsúil. Maidir leis an dá shaincheist sin, thagair an tAire Stáit don Eoraip agus don Aeráid, Anna Lührmann, do na moltaí ón bPainéal Saoránach Náisiúnta sna ráitis a rinne sí ag an seisiún iomlánach.

larscríbhinn

- Grianghraf – rannpháirtithe ag an seisiún iomlánach deiridh



- Teistiméireachtaí ó na rannpháirtithe

Treoircheisteanna

- *Cén chúis a bhí agat a bheith rannpháirteach sa Phainéal Saoránach Náisiúnta?*
- *Cén rud ba mhó a chuaigh i gcion ort?*
- *Céard ab áil leat a fheiceáil sna tionscadail rannpháirtíochta shibhialta a chuirfidh Rialtas na Cónaidhme ar bun amach anseo?*

Birga Boie-Wegener, 55, Neukloster, Mecklenburg-Vorpommern

Nach minic ráite agam é – ‘Faraor nár tugadh an deis domsa!’ ‘Bhuel, thapaigh mise mo dheis dul i ngleic le topaic na hEorpa (ar bhonn teoranta ó thaobh ama de agus léiriú soiléir tugtha dom maidir le cén uair agus cén t-achar ba cheart dom a chaitheamh léi). Go dtí sin, is beag a bhí ar eolas agam faoin leagan amach agus bhí mé ag tnúth le plé a dhéanamh ar an topaic agus tuiscint níos fearr a fháil uirthi.



An rud is mó a chuaigh i gcion orm? An comhar, an dea-thoil agus an chruthaitheacht ina measc siúd a roghnaíodh go randamach as gach cearn den tír ar mhaithe le hEoraip na todhchaí a mhúnlú (más go fíorúil féin é). Níor bhraith mé gur theastaigh an cur i láthair ar an mbéasaíocht idirlín óir bhí gach duine sásta cluas a thabhairt dá chéile, smaointe a roinnt gan íde béil a thabhairt dá chéile. Ba mhaith liom a leithéid de dheis a bheith agam NÍOS MINICE – labhairt le daoine, smaointe cruthaitheacha a cheapadh, cluas a thabhairt dóibh siúd atá i gceannas agus do na saineolaithe – agus an méid sin a bheith beo seachas fíorúil.

Dála an scéil, níor luadh na smaointe beaga praiticiúla seo san achoimre ghairid ag an seisiún iomlánach. Bíodh sin mar atá, tá súil agam go bhfuil siad ar taifead agus go mbeidh siad ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé de chúram orthu na hachoirí sin a chur in iúl don Bhruiséil ionas go bhfeicfear pé céimeanna indéanta a mhol na rannpháirtithe.’



Alexander Eenkhoorn, 51, Vlotho, North Rhine-Westphalia

'Níor chuala mé faoi phainéil na saoránach riamh roimhe seo, ach shíl mé gur maith an smaoineamh é. Cé go raibh amhras ar mo chairde faoi cén fáth ar cheart dom páirt a ghlacadh, bhí mé an-fhiosrach agus shíl mé go mbeadh sé go hiontach a fháil amach cad a tharla ann. Bheadh sé speisialta freisin cuairt a thabhairt ar an Oifig Gnóthaí Eachtracha.

Bhí comhdhéanamh mo ghrúpa beag maidir le ceartas sóisialta an-láidir; chuireamar moladh i dtoll a chéile maidir le clár Erasmus do dhaltaí. Bhí sé an-dinimiciúil agus ba mhór dom bheith sa ghrúpa. Chuaigh an chomhdháil chlabhsúir an 15 agus an 16 Eanáir go mór i bhfeidhm orm go háirithe agus cuimhneoidh mé air sin ar feadh i bhfad. Bhí an-torthaí sna grúpaí ar fad agus thug mé tacaíocht do na tuairimí uile a roinneadh. Tá an-dóchas orm go dtabharfaidh polaiteoirí aghaidh ar na topaicí sin, ós rud é gur oibrigh na daoine is éagsúla orthu agus go raibh gach rath ar na torthaí. Tá súil agam freisin go gcabhróidh sé le daoine an dearcadh atá acu leis an bpolaitíocht a athrú, rud atá déanta agam féin cheana. Beidh an-chuimhne agam ar an ócáid ar fad. Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil leis na héascaitheoirí. Bhí an mhodhnóireacht ríthábhachtach chun an toradh a bhaint amach agus a chinntiú go raibh caidreamh sibhialta idir na rannpháirtithe.

Is mór an t-ábhar ann féin é todhchaí na hEorpa agus bhain mé an-sásamh as na laethanta. Dá bhrí sin, níor mhaith liom aon athrú a fheiceáil, díreach níos mó den rud céanna. I dtosach báire bhí mé ag streachailt leis an topaic a fuarthas, ach chuaigh mé i ngleic leis go gasta. Bheadh sé úsáideach ceann eile a eagrú chun grinnscrúdú a dhéanamh ar na topaicí agus iad a phlé níos mine. Faoi láthair beidh sé deacair é a fhágáil inár ndiaidh. Bheadh sé deas freisin dá gcoinneimis ar an eolas faoi céard go baileach a tharlóidh amach anseo.'

Max Heizmann, 36, Fellbach, Baden-Württemberg

‘Ba mhaith liom páirt a ghlacadh sa phainéal le go gcloisfear mé agus chun tuairimí a thabhairt. Tá todhchaí na hEorpa an-tábhachtach domsa. Le mo chuid smaointe, bhí mé ag iarraidh go bhfaigheadh na polaiteoirí dearcadh eile agus céard atá tábhachtach do shaoránaigh cosúil liomsa.



Chuaigh an plé faoi na réitigh a d’fhéadfadh a bheith ann i bhfeidhm orm thar aon ní eile. Tá sé go maith éisteacht le tuairimí daoine eile, go háirithe má tá siad in ann iad a chur in iúl mar is ceart.

Ba bhreá liom níos mó tionscadal mar sin a fheiceáil le saoránaigh. Mar sin féin, ní dóigh liom go ndéanann sé ciall moltaí i dtaobh topaicí a bhrú ar dhaoine. Bheadh sé chomh maith do na rannpháirtithe na réimsí téamacha a shainaitheann iad féin. Bheadh na rannpháirtithe in ann iad féin a roinnt i ngrúpaí ansin ag brath ar a gcuid roghanna féin. Chuirfeadh sé sin chun suntais na topaicí is mó a bhfuil spéis ag na saoránaigh iontu agus conas is féidir an rialtas feabhsú.’

Cairt Próisis don Phainéal Saoránach Náisiúnta maidir le Todhchaí na hEorpa

